# Machnamh leanúnach chun do chleachtas gairmiúil a fhorbairt

## Réamhrá

Tá d'aidhm ag an ábhar seo tacú le do mhachnamh leanúnach chun do chleachtas gairmiúil a fhorbairt in OSPS/OCG. Cuimsíonn sé na codanna seo a leanas:

- An tábhacht atá le machnamh
- Gníomhaíochtaí chun tacú le machnamh ar do chleachtas
- Léitheoireacht bhreise.

Is cuid thábhachtach de d'ullmhúchán le haghaidh OSPS/OCG a theagasc agus eispéiris na bpáistí do rang ina dhiaidh sin é uirlisí difriúla a úsáid chun machnamh a dhéanamh ar do chleachtas agus é a fhorbairt in OSPS/OCG. Is próiseas é machnamh leanúnach lena dtacaítear le d'fhoghlaim agus cleachtas, trí agus ó do thaithí féin. Cuirtear ar fáil leis léargais ort féin agus ar chleachtas: tá seo tábhachtach go háirithe in OSPS/OCG. Ach tabhairt faoi mhachnamh struchtúrtha, tacaítear le forbairt eolais ghairmiúil agus gníomhaíochta gairmiúla trí dhúshlán a thabhairt maidir le toimhdí chleachtas an uile lae agus freagairtí cleachtóirí féin ar chásanna cleachtais a mheas go criticiúil (Finlay, 2008).

## An tábhacht atá le machnamh

Is féidir an machnamh a bheith ina uirlis an-chumhachtach chun tacú leat agus tú ag sainaithint do creidimh, meonta agus luachanna féin, chomh maith le do scileanna agus buanna maidir le OSPS/OCG a theagasc. Is féidir go gcabhródh an machnamh leat do mhuinín a thógáil maidir lena bhfuil tú maith aige, chomh maith le réimsí le haghaidh tuilleadh foghlama agus forbartha a shainaithint. Is féidir go spreagfadh próiseas an mhachnaimh thú le cuir chuige, modheolaíochtaí agus acmhainní nua a thriail chun OSPS/OCG a theagasc. Trí bheith machnamhach, tá tú ag tabhairt faoi do chleachtas ar bhealach leantach agus struchtúrtha agus ag cur le d'fhoghlaim agus d'fhorbairt ghairmiúil. Spreagann machnamh thú chun tuiscint a fhorbairt ar pheirspictíochtaí agus léargais éagsúla, rud ar féidir leis cabhrú leat a bheith níos ionchuimsithí maidir le cúlraí, luachanna agus creidimh páistí i do theagasc. Má bhíonn tú machnamhach is féidir leis cabhrú leat a thuiscint conas is féidir leis na páistí i do rang foghlaim agus na modheolaíochtaí, acmhainní agus tacaíochtaí is fearr maidir le teagasc OSPS/OCG a thuiscint. Is féidir machnamh struchtúrtha ar do theagasc cabhrú leat níos mó a shainaithint ná cé acu a d'éirigh nó nár éirigh go maith le rang, is é sin an bhfuil bacainní roimh fhoghlaim ann do pháistí i do rang agus ligeann sé duit a mheas conas is féidir leat iad seo a shárú. Is féidir leis an machnamh é a chur ar do chumas a shainaithint nuair nach bhfuil rud éigin ag oibriú agus an deis a thabhairt duit triail a bhaint as rud éigin nua.



NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment

# Machnamh leanúnach chun do chleachtas gairmiúil a fhorbairt

### Forléargas an mhúinteora

*Braithim go mbíonn sé tábhachtach a mheas cé chomh hoiriúnach is a bhíonn mo chur chuige i leith OCG a theagasc do pháistí agus do ranganna éagsúla a bhíonn agam gach bliain. Ní oibríonn aon chur chuige amháin do gach comhthéacs ranga agus déanaim machnamh ar cé chomh maith is a oibríonn mo chur chuige agus an gá dom cur leis nó é a oiriúnú. Mar shampla, chun caithreachas a theagasc, de ghnáth, thaispeánfainn an DVD Busy Bodies do mo rang agus ina dhiaidh sin thabharfainn faoi chaint agus comhphlé chun machnamh a dhéanamh ar an bhfoghlaim agus tógáil uirthi. Ach anuraidh, bhí na páistí i mo rang níos cúthaile agus níos ciúine ná mar is gnách agus níor thug siad faoi chaint agus comhphlé chomh maith le ranganna eile. Nuair a bhí mé ag ullmhú chun OCG a theagasc, leasaigh mé mo ghnáthchur chuige chun iarracht a dhéanamh freastal ar riachtanais na bpáistí a bhí agam. Seachas caint agus comhphlé a éascú go díreach tar éis breathnú ar an DVD, chruthaigh mé roinnt gníomhaíochtaí eile a chabhródh liom na cuspóirí ba rún dom a theagasc a chur i gcrích. Mar sin ar éis breathnú ar an DVD, chuir mé tráth ceisteanna agus roinnt gníomhaíochtaí scríbhneoireachta le chéile a spreag na páistí le freagairt a dhéanamh, agus d'oscail seo suas comhrá ar bhealach i bhfad níos bainistithe, mar dhírigh mé ar a bhfreagairtí ar an tráth ceisteanna agus an ghníomhaíocht scríofa seachas go díreach a bhfreagairtí ar an DVD. Bhraith mé gur freastalaíodh, leis an athrú simplí seo, ar riachtanais na bpáistí a bhí os mo chomhair, bhí sé ina chabhair dom cuspóirí an churaclaim a bhaint amach ach lig sé dom freisin mo thaithí agus mo chur chuige a fhorbairt a thuilleadh i leith OCG, rud a bhféadfadh sé tacú le roinnt de na réimsí foghlama eile ba rún dom a chlúdach ina dhiaidh sin.*

## Gníomhaíochtaí chun tacú le machnamh ar do chleachtas

**Féincheistiú:** Má chuireann tú ceisteanna ort féin is féidir leis sin cabhrú leat a thuiscint conas is féidir le d'ullmhúchán tacú le do theagasc, chomh maith le conas a d'fhéadfadh an teagasc a bheith difriúil óna raibh pleanáilte agat. An ndeachaigh an ceacht OSPS/OCG go maith? Cé na gnéithe den fhoghlaim a d'oibrigh go maith? An raibh na heispéiris a cuireadh ar fáil ionchuimsitheach do gach páiste sa rang? Conas a d'fhéadfaí na heispéiris foghlama a fheabhsú?

**Triail a bhaint as smaointe nua:** Má bhaintear triail as modhanna nó cuir chuige nua sa seomra ranga is féidir deiseanna foghlama nua a chruthú. Is féidir na hathruithe seo a bheith chomh simplí le gníomhaíocht bheag a athrú nó chomh dána le do chur chuige nó plean iomlán a athrú.

**Comhphlé le comhghleacaithe eile:** Trí tharraingt ar thacaíocht ó chomhghleacaithe eile, beidh tú ábalta do thuiscint a fhorbairt agus foghlaim ó smaointe agus cleachtas daoine eile. Nuair is féidir, ba cheart go mbeadh deiseanna rialta ann do mhúinteoirí polasaí OSPS/OCG na scoile agus na cuir chuige chun OSPS/OCG a theagasc a phlé go comhoibríoch. Tá sé tábhachtach am a ghlacadh agus polasaí OSPS/OCG do scoile a léamh ionas gur féidir leat a chinntiú go mbíonn tú ag teagasc i gcomhréir le polasaí do scoile ar OSPS/OCG.

**Breathnóireachtaí agus aiseolas:** Má bhreathnaíonn comhghleacaithe ort, beidh tú in ann eolas a chur ar pheirspictíochtaí daoine eile ar do chleachtas agus aiseolas agus smaointe maidir le conas feabhsú a fháil. Má bhreathnaíonn tú ar do chomhghleacaithe is féidir smaointe agus cuir chuige nua a fháil, ar féidir leat iad a thriail i do chleachtas féin.

**A iarraidh ar na páistí a dtuairimí a chomhroinnt:** Má éisteann tú le haiseolas agus má dhéanann tú comhráite le páistí, cinnteoidh sé sin go mbíonn do chuid machnaimh dírithe ar a n-eispéiris foghlama. Trí mhachnamh a dhéanamh le páistí, ligeann tú dóibh páirt ghníomhach a ghlacadh ina bhfoghlaim agus léargas a fháil ar na feabhsuithe a thacódh lena bhfoghlaim.

**Dul i dteagmháil le tuismitheoirí:**[1] Má labhraíonn tú le tuismitheoirí faoi fhoghlaim a bpáistí in OSPS/OCG, beidh tú in ann meonta agus creidimh tuismitheoirí faoi OSPS/OCG a thuiscint, chomh maith le conas a bhraitheann siad go bhfuil foghlaim agus forbairt a bpáiste in OSPS/OCG ag dul chun cinn. Féadfaidh na léargais seo cabhrú leat machnamh a dhéanamh ar do chleachtas agus smaoineamh faoi chonas is fearr freastal ar riachtanais gach páiste i do cheachtanna OSPS/OCG.

[1] Is ionann tuismitheoirí anseo agus máithreacha, aithreacha agus daoine a bhfuil freagracht tuismitheora acu i gcaidrimh dhifriúla tuismitheoireachta. D'fhéadfadh sé go gcuimseodh sé sin tuismitheoirí altrama, tuismitheoirí uchtála, leastuismitheoirí, caomhnóirí dlíthiúla agus cúramóirí.

# Machnamh leanúnach chun do chleachtas gairmiúil a fhorbairt

## Forléargas an mhúinteora

*Ag tús gach scoilbhliana bíonn oíche oscailte againn do thuismitheoirí. Tugann an múinteoir ag gach leibhéal ranga caint faoin méid a bheidh na páistí a fhoghlaim sna réimsí éagsúla den ábhar. Cuirimid san áireamh i gcónaí forbhreathnú ar an méid a mbeidh na páistí ag foghlaim faoi in OSPS agus OCG. An bealach seo, bíonn tuismitheoirí eolach ar an méid a theagascfar agus beidh go leor ama acu chun smaoineamh faoi agus teacht ar ais chugainn agus ceisteanna a chur. Cuirimid amach litir chuig tuismitheoirí roimh theagasc OCG, agus arís eile, tugaimid cuireadh do thuismitheoirí teacht agus labhairt linn má tá aon cheist nó ábhar imní acu. Cinntím i gcónaí go mbíonn OSPS agus OCG san áireamh i gcomhráite a bhíonn agam le tuismitheoirí ag ár gcruinnithe tuismitheoirí agus múinteoirí. Is é an taithí a bhí agam, má choinnítear na bealaí cumarsáide oscailte idir an baile agus an scoil faoi OSPS agus OCG, is féidir tabhairt faoi ábhair imní sula mbeidh siad ina saincheist níos mó, agus is féidir leat caidreamh muiníneach a thógáil le tuismitheoirí páistí i do rang.*

## Machnamh an mhúinteora

- Smaoineamh faoi do chur chuige reatha i leith OSPS/OCG a theagasc, cé chomh tábhachtach is atá an machnamh i d'ullmhúchán le haghaidh teagaisc? Cé na cineálacha cleachtas machnaimh a mbíonn tú páirteach iontu?

- Smaoineamh faoi d'úsáid machnaimh san am a chuaigh thart, cé na rudaí ar chabhraigh sé leat iad a thabhairt faoi deara i do theagasc? Cén tionchar a bhí aige seo ar do chleachtas?

- An nglacann tú páirt i machnamh comhoibríoch le do chomhghleacaithe? Má ghlacann, conas a chuaigh seo chun tairbhe do do chleachtas? Mura nglacann, conas a d'fhéadfaí an cleachtas seo a bhunú i do scoil?

- An gcuireann tú glórtha na bpáistí i do rang san áireamh nuair a dhéanann tú machnamh ar do chleachtas in OSPS/OCG? Má ghlacann, conas a chuaigh seo chun tairbhe do do chleachtas? Mura gcuireann, cad iad na céimeanna a d'fhéadfá a ghlacadh chun glórtha páistí a chur san áireamh i do phróiseas machnamhach?

# Machnamh leanúnach chun do chleachtas gairmiúil a fhorbairt

## An chéad chéim eile?

### Léitheoireacht Bhreise

**Múnlaí foghlama gairmiúla machnaimh na Comhairle Múinteoireachta:** Tá faisnéis inrochtana forbartha ag an gComhairle Mhúinteoireachta maidir le coincheap an mhachnaimh, lena dtugtar cur síos ar na tuiscintí éagsúla ar mhachnamh sa litríocht, chomh maith le 'múnlaí' machnaimh, a úsáidtear go coitianta i gcomhthéacsanna oideachais agus faisnéis ar uirlisí chun tacú le machnamh ar fhoghlaim ghairmiúil.
Machnamh ar Fhoghlaim Ghairmiúil

### Tagairtí

Finlay, Linda. (2008). 'Reflecting on "Reflective practice"'. Practice-based Professional Learning. Leathanach 52, An Ollscoil Oscailte.